2023

2026

TUS

Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne:
Lár Tíre, An tIarthar Láir

Technological University of the Shannon:
Midlands Midwest

Ag Nascadh agus ag Cruthú

Plean Straitéiseach

TUS

2023 - 2026

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **1. Forléargas ar Phlean Straitéiseach TUS 2023 – 2026** | 1 |
| **2. Teachtaireachtaí Tosaigh** | 6 |
| Ráiteas Tosaigh ón Uachtarán | 8 |
| Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe | 9 |
| Teachtaireacht ó Aontas na Mac Léinn | 10 |
| **3. Amlíne Thuras TUS** | 11 |
| **4. Ráiteas Straitéise TUS** | 15 |
| Ár Luachanna, ár gCuspóir agus ár bhFís Fhadtéarmach | 17 |
| Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha | 20 |
| Ár gCumasóirí Straitéiseacha | 21 |
| Cuspóirí Straitéiseacha agus Torthaí lena Bhfuiltear ag Súil go dtí 2026 | 22 |
| **5. Creat Cur Chun Feidhme agus Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn** | 31 |
| Táscairí Ratha | 35 |
| **6. Aguisín** | 40 |
| Aguisín 1 – Liosta de na Giorrúcháin a Úsáidtear | 41 |
| Aguisín 2 – Comhaltaí Bhord Rialaithe TUS | 42 |
| Aguisín 3 – RUN-EU | 43 |

1

# Forléargas ar an bPlean Straitéiseach 2023 - 2026



# Ár Luachanna

Oibrímid ar bhealach freagrúil agus tá ionracas agus sármhaitheas mar bhonn faoi gach a ndéanaimid. Táimid macánta, cóir agus eiticiúil trínár gcuid focal agus gníomhartha.

CUIMSITHEACH
TACÚIL
UAILLMHIANACH
NUÁLACH
INBHUANAITHE
COMHOIBRÍOCH

# Ár gCuspóir

Soláthraíonn Ollscoil Theicneolaíochta na Sionainne ardoideachas mac léinn-lárnach den scoth atá bunaithe ar thaighde, atá ábhartha go réigiúnach agus atá inrochtana do chách.

# Ár bhFís go dtí 2030

Bheith mar chatalaíoch d'athrú inbhuanaithe trí oideachas agus trí thaighde lena n-athraítear saolta, ár réigiún agus an domhan níos faide i gcéin ó bhun.



# Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

| | |
|---|---|
| Tosaíocht 1: **Oideachas** | Tairiscint oideachais ardchaighdeáin ábhartha a sholáthar, a dhíreofar ar idirdhisciplíneacht, a sholáthrófar ar bhealaí traidisiúnta agus solúbtha araon chun freastal ar chohórt éagsúil mac léinn, ar fud suíomhanna campas iomadúil. |
| Tosaíocht 2: **Taighde** | Taighde feidhmeach a mbeidh tionchar aige a sholáthar, a fhásfaidh an pobal taighde, a rachaidh i mbun smaointeoireachta den chéad ghlúin eile agus a thabharfaidh aghaidh ar shaincheisteanna ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus domhanda. |
| Tosaíocht 3: **Daoine agus Eagraíocht** | Oibriú mar eagraíocht chomhtháite, inar féidir cumas gach duine a bhaint amach, agus ina gcuirtear comhdheiseanna ar fáil do gach duine. |
| Tosaíocht 4: **Pobail a Nascadh** | Caidreamh agus comhpháirtíochtaí a chruthú agus a fheabhsú chun forbairt inbhuanaithe ár réigiúin a spreagadh agus tionchar a imirt ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta. |

# Ár gCumasóirí Straitéiseacha

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht agus Acmhainní | Cleachtadh Machnamhach agus Feabhas Leanúnach |
| Rialachas agus Beartas | Cumarsáid, Teicneolaíocht agus Digitiú |
| Forbairt agus Saoráidí Campais | Forbairt Inbhuanaithe |



## 2 Tosaigh Teachtaireachtaí



# Ráiteas Tosaigh ón Uachtarán

**Ag Nascadh agus ag Cruthú**

Léirítear leis an bPlean Straitéiseach seo teacht chun cinn TUS ó ollscoil nuaghinte go dtí ollscoil teicneolaíochta atá ábalta a hacmhainneacht a bhaint amach maidir le tionchar bunathraitheach agus cruthaitheacht ar mhaithe lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla go léir.

Ar deireadh is é an bonn is fearr is féidir linn a leagan do TUS ár n-uaillmhian féin a bhaint amach maidir le tionchar bunathraitheach den sórt sin tríd an bplean straitéiseach tionscnaimh seo. Braitheann sé sin ar ndóigh ar an ollscoil teicneolaíochta a bheith ina heintiteas comhtháite aonair, turas aisti féin, ach ceann a bhfuil TUS ullmhaithe go maith chun tabhairt faoi go rathúil i bhfianaise na gcomhluachanna agus na gcomhchuspóirí a luaitear anseo. Ina theannta sin, feicfear an tairbhe a gheofar as ár n-eintiteas aonair, comhtháite i bhfad amach anseo, agus ní féidir toradh níos fearr ná sin a bhaint amach le haon phlean.

Go deimhin, is é croí-láidreacht an phlean seo go bhfuil sé bunaithe ar thuairimí na ndaoine is mó atá infheistithe ann. Tá nascadh i gcroílár an phlean seo - is é ár ndlúthnaisc leis an tionscal, gnó, cultúr agus na healaíona, pobail, agus ár réigiún féin croílár ár n-oidhreachta uathúla agus éascaítear leis cruthaitheacht lena dtreoraítear ár dtreo straitéiseach agus á áirithiú go ndéanfar naisc a neartú idir ár bhfoireann dáilte agus na campais. Go deimhin, rinneadh an plean seo a fhás agus a chruthú de réir thuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla, agus rannpháirtíocht na foirne agus chuallacht na mac léinn lárnach sa nascacht agus sa chruthaitheacht atá ina sainghné aige. Mar gheall air sin, baineann sé leas as braistint cuspóra agus soiléireacht físe atá fréamhaithe san ollscoil agus é a bheith uaillmhianach ar a son agus ar na bpobal ar a bhfreastalaíonn sé.

Beidh sé ina dhúshlán ar deireadh dúinn ar fad mar fhoireann TUS an fhís sin a bhaint amach agus taca a chur faoi fhorbairt ár réigiúin, ach beidh sé bunaithe ar uaillmhian ar linn féin í, déanta as ár DNA féin agus curtha in iúl inár dteanga féin. Déanfar feidhmeanna ár n-ollscoile teicneolaíochta a mhúnlú lena n-ailíniú leis an bhfís a chuimsítear sa Phlean Straitéiseach seo, lena n-áirítear atheagrú an lucht bainistíochta sinsearaí chun cuspóirí an phlean a bhaint amach. Léireofar leis sin freisin go bhfuilimid anois i dtírdhreach Ardoideachais nua agus atá ag teacht chun cinn agus caithfidh TUS a áit féin a fhorbairt sa chomhthéacs sin.

Ach táimid breá ábalta é sin a dhéanamh, ní hamháin mar gheall ar ár gcomhluachanna agus ár gcomhchuspóirí; ní hamháin mar gheall ar an gcruthaitheacht agus an nascacht a thagann ónár n-oidhreacht rannpháirtíochta lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla; ní hamháin mar gheall ar bheogacht ár gcampas agus a naisc lena bpobail, ach toisc gur Ollscoil Eorpach atá ionainn cheana. Ár bpríomhról in RUN-EU (Líonra na nOllscoileanna Réigiúnacha – Ollscoil Eorpach) Ciallaíonn comhghuaillíocht go bhfuil TUS nasctha ní hamháin inár réigiún féin ach le réigiúin ar fud na hEorpa, agus deiseanna móra á soláthar do mhic léinn, don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara amach anseo.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine a chuir leis an bplean seo agus a threoraigh é.

Tá ár dturas tosaithe go maith, ach le soiléireacht, comhchuspóir agus fís nua ónár bPlean Straitéiseach tionscnaimh, is féidir leanúint lenár n-athrú ó bhonn go tapa.

Ní neart go cur le chéile.

**An tOllamh Vincent Cunnane,**
**Uachtarán**

# Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe

Doiciméad an-suntasach is ea plean straitéiseach tionscnaimh aon eagraíochta. Is é seo an chéad uair a leagtar amach ann do chách cad is mian leis a bhaint amach, conas is mian leis é sin a bhaint amach agus conas a bheidh a fhios aige nuair a bheidh sé sin bainte amach.

I gcás Ollscoil Teicneolaíochta, méadaítear an tábhacht sin mar go bhfuil ár bplean ina bhunchuid de thodhchaí níos leithne do thírdhreach nua Ardoideachais in Éirinn – tírdhreach a bheidh ag teacht chun cinn i gcónaí le linn shaolré an Phlean Straitéisigh seo. Cuideoidh TUS leis an tírdhreach sin a mhúnlú agus tiocfaidh sé chun cinn agus forbróidh sé leis.

Tá an turas atá á dhéanamh ag TUS ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 spreagúil agus dúshlánach, agus díríodh ann ar chúrsaí bunaidh, mar a bheifí ag súil leis le bunú ollscoile nua. Anois, tríd an bplean seo a ghlacadh, tá ár bhfís don todhchaí tugtha chun cinn againn agus leagamar amach conas a rachaimid chun cinn i dtreo na físe sin sna ceithre bliana amach romhainn.

Tá fís i gcroílár an phlean seo d'Ollscoil Teicneolaíochta uaillmhianach, líonraithe, chomhtháite atá tógtha ar a sainordú reachtúil agus a stair shaibhir. Ollscoil a thuigeann a timpeallacht, atá dírithe ar a hacmhainneacht féin a bharrfheabhsú agus ag a bhfuil an cumas chun freagairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus don tírdhreach oideachais, eacnamaíoch agus sóisialta atá ag athrú. Tá an fhís agus an plean seo curtha le chéile agus treisithe le rannpháirtíocht ár mac léinn, ár bhfoirne, chomhaltaí an Bhoird Rialaithe agus páirtithe leasmhara eile sa phobal i gcoitinne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt agus a roinn a dtuairimí.

Ba mhaith liom freisin Uachtarán agus ceannairí feidhmiúcháin TUS a mholadh as an leibhéal uaillmhéine atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach seo. Tá an treo taistil againn anois don chéad chéim eile de thuras TUS. Chun an straitéis seo a sholáthar agus a garspriocanna a bhaint amach teastóidh nuálaíocht, diongbháilteacht agus múnlú na heagraíochta chun teacht leis an straitéis. Anois, tosóidh an obair chrua.

Is pribhléid ar leith é a bheith ábalta forbairt ollscoile nua a threorú. Tá mo chomhghleacaithe den Bhord Rialaithe agus mé féin eolach faoin pribhléid sin agus creidimid, agus an Plean Straitéiseach seo á fhaomhadh againn, go bhfuilimid ag gabháil orainn féin an tUachtarán agus a fhoireann a threorú agus tacú leo chun uaillmhian an Phlean a bhaint amach.

**Josephine Feehily**
**Cathaoirleach**

# Teachtaireacht ó Aontas na Mac Léinn

Ní hamháin go bhfuil Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne ar cheann de na hollscoileanna is óige in Éirinn ach tá sí ar cheann de na hollscoileanna is uaillmhianaí sa tír ina misean chun ardoideachas mac léinn-lárnaithe agus bunaithe ar thaighde a sholáthar.

Léirítear leis an bplean straitéiseach uaillmhianach seo, bunaithe ar aiseolas ó chuallacht na mac léinn a dhéanaimid ionadaíocht di agus a dtacaímid léi, uaillmhian agus rún ár n-ollscoile sna ceithre bliana amach romhainn. Leagtar amach ann conair agus creat sainithe dúinn chun na spriocanna sin a bhaint amach le chéile agus comhchruthaíodh é trí phróiseas cuimsitheachta le pobal na mac léinn, leis na bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara ar fud TUS lena n-áirítear an chuallacht éagsúil de 15,000+ mac léinn dá ndéanaimid ionadaíocht.

Éascófar na tosaíochtaí atá tugtha chun suntais sa phlean straitéiseach trí phobal iomlán TUS agus iad ag obair agus ag soláthar le chéile i gcur chuige comhpháirtíochta lena chinntiú go dtabharfar tacaíocht don mhac léinn, atá i gcroílár ár n-ollscoile, le linn a thurais nó a turais linn.

Táimid tógtha go bhfuil sineirgí soiléire ag an bplean straitéiseach seo leis an bplean straitéiseach d'aontas na mac léinn agus éascófar leis an idirnascacht sin cur chuige comhpháirtíochta agus muid ag obair le chéile lena chinntiú go mbeidh eispéireas na mac léinn ag TUS tacúil agus cumhachtach. Comhlánaíonn sé ár bhfís féin atá leagtha amach inár mbunreacht go mbeidh 'eispéireas dearfach agus bunathraitheach ag gach mac léinn san Ollscoil, rud a chuideoidh leis na mic léinn barr a gcumas a bhaint amach'.

Tá an plean leagtha amach lena chinntiú nach mbeidh aon bhac ar oideachas dóibh siúd a bhainfeadh leas as, agus go mbeidh a seirbhísí a theastaíonn ó na mic léinn lena mianta a bhaint amach ar fáil dóibh. Tá luachanna amhail cuimsitheacht, comhoibriú agus tacú agus tá siad TUS mar eagraíocht agus mar aontas na mac léinn, is cuid dár dtreoir mhorálta iad na luachanna sin maidir le baint amach do mhic léinn TUS.

Tá bród orainn ionadaíocht a dhéanamh ar dhéimeagrafaic atá ag éirí níos éagsúlaí de 15,000+ mac léinn atá scaipthe ar fud ár sé champas. Is mór an onóir dúinn é tacú leo agus aontas mac léinn atá atruach, diongbháilte agus a bhfuil tionchar aige a sholáthar dóibh agus atá ar mhaithe leo. Cinnteoimid go mbeidh comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ag barr an chláir oibre i gcónaí chomh maith leis na saincheisteanna leanúnacha sochaíocha a imríonn tionchar ar mhic léinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an iliomad dúshlán atá ag forbairt i gcónaí laistigh dár sochaí.

Is é ár misean mar aontas na mac léinn ná a chinntiú go dtabharfar tacaíocht do ghuth an mhic léinn, go n-éistfear leis, go gcloisfear é, go dtuigfear agus go ngníomhaítear ina leith. Ní raibh an gá atá le haontas mac léinn atá láidir agus nasctha chomh mór sin riamh agus táimid ag súil go mór le tacú leis an bplean seo agus lena chinntiú go bhféachfaimid i gcónaí le heispéireas na mac léinn a fhorbairt tuilleadh agus ár gcuid mac léinn a chumasú le bheith ina ndaoine a mbeidh tionchar dearfach acu ar phobail, ar shochaithe, agus ar gheilleagair in Éirinn agus ar fud an domhain.

**Niall Naughton,**
**Uachtarán Aontas na Mac Léinn**

3

# Amlíne Thuras TUS



## Roimh 2018

**Pre 1997**

**1997**

Déantar Instittiúidí Teicneolaíochta de Cheardcholáistí Réigiúnacha Luimnigh agus Bhaile Átha Luain

**2011**

Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas

**2013**

Cruthaíodh Cuibhreannas Réigiúnach an Mheán-Iarthair (mar Chuibhreannas na Sionainne): Instittiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál

**2013**

Cruthaíodh Braisle MEND: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan; Ollscoil Mhá Nuad

## I ndiaidh 2018

**2018**

Acht TU 2018.Acht chun foráil a dhéanamh do bhunú ollscoileanna teicneolaíochta in Éirinn

**2019**

Cuibhreannas TU déanta idir LIT agus AIT

15,000+ mac léinn

**2020**

250+ comhpháirtíocht dhomhanda

Déantar comhalta bunaidh de Chomhaontas RUN-EU den TUS

**2021**

Ainmnítear TUS mar an tríú hollscoil teicneolaíochta in Éirinn

62+ náisiúntacht

**2021**

Méadú 151% ar aschur taighde 2017 go 2021

Foilsíonn an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a céad Ráiteas Straitéise 2021-2023

**2022**

Straitéis Náisiúnta don Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe - ESD go 2030

1,450+ ball foirne

**2022**

Buiséad bliantúil €120 milliún

Acht UAO chun foráil a dhéanamh i leith athruithe ar an maoirseacht a dhéanann UAO ar na soláthraithe ardoideachais

**2023-26**

Chéad Phlean Straitéiseach TUS

4

# Ráiteas Straitéise TUS



# Ár Luachanna, ár gCuspóir agus ár bhFís Fhadtéarmach

Soláthraítear sa roinn seo a leanas forléargas ar na bunghnéithe dár dtreo straitéiseach. Go sonrach, leagtar amach ann ár gcroíluachanna, ár ráiteas cuspóra, agus ár bhfís go dtí 2030.



# Ráiteas Luachanna TUS

| | |
|---|---|
| Cuimsitheach | Glacaimid leis an éagsúlacht mar phríomhláidreacht ina gcuimsítear gach duine agus ina bhfuil comhdheiseanna ag gach duine chun dul chun cinn agus gnóthú a dhéanamh. |
| Tacúil | Táimid aireach ar ár ndaoine agus ar a bhfolláine, agus coinnímid éiteas mac léinn-lárnach i ngach rud a dhéanaimid. |
| Uaillmhianach | Socraímid caighdeáin arda agus táimid misniúil inár ngníomhaíocht chun tionchar a sholáthar agus ár gcumas a bhaint amach. |
| Nuálach | Breathnaímid chun cinn agus spreagaimid cruthaitheacht agus iniúchadh lena gcothaítear smaointe uathúla agus lena spreagtar athrú bunathraitheach. |
| Inbhuanaithe | Is ceannairí smaointeoireachta muid agus glacaimid cur chuige uile-institiúide i leith na ndúshlán a bhaineann le forbairt inbhuanaithe. |
| Comhoibríoch | Táimid oscailte, nasctha agus oibrímid le daoine a thabhairt le chéile chun eolas a fhorbairt, a chomhchruthú agus a roinnt ar mhaithe lenár réigiún agus níos faide i gcéin. |

Oibrímid ar bhealach freagrúil agus tá ionracas agus sármhaitheas mar bhonn faoi gach a ndéanaimid. Táimid macánta, cóir agus eiticiúil trínár gcuid focal agus gníomhartha.

# Ráiteas Cuspóra TUS

Soláthraíonn Ollscoil Theicneolaíochta na Sionainne ardoideachas mac léinn-lárnach den scoth atá bunaithe ar thaighde, atá ábhartha go réigiúnach agus atá inrochtana do chách.

# Fís TUS go dtí 2030

Bheith mar chatalaíoch d'athrú inbhuanaithe trí oideachas agus trí thaighde lena n-athraítear saolta, ár réigiún agus an domhan níos faide i gcéin ó bhun.



# Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

Bainfear ár straitéis amach trí roinnt cuspóirí leathana a chur i gcrích, cuspóirí atá ailínithe lenár gceithre thosaíocht straitéiseacha uileghabhálacha.

| | |
|---|---|
| Tosaíocht 1: **Oideachas** | Tairiscint oideachais ardchaighdeáin ábhartha a sholáthar, a dhíreofar ar idirdhisciplíneacht, a sholáthrófar ar bhealaí traidisiúnta agus solúbtha araon chun freastal ar chohórt éagsúil mac léinn, ar fud suíomhanna campas iomadúil. |
| Tosaíocht 2: **Taighde** | Taighde feidhmeach a mbeidh tionchar aige a sholáthar, a fhásfaidh an pobal taighde, a rachaidh i mbun smaointeoireachta den chéad ghlúin eile agus a thabharfaidh aghaidh ar shaincheisteanna ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus domhanda. |
| Tosaíocht 3: **Daoine agus Eagraíocht** | Oibriú mar eagraíocht chomhtháite, inar féidir cumas gach duine a bhaint amach, agus ina gcuirtear comhdheiseanna ar fáil do gach duine. |
| Tosaíocht 4: **Pobail a Nascadh** | Caidreamh agus comhpháirtíochtaí a chruthú agus a fheabhsú chun forbairt inbhuanaithe ár réigiúin a spreagadh agus tionchar a imirt ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta. |

# Ár gCumasóirí Straitéiseacha

Beidh na sé chumasóir chothrománacha seo a leanas mar thaca faoi na tosaíochtaí straitéiseacha.


| | |
|---|---|
| Ceannaireacht agus Acmhainní | Treoraigh chun deiseanna a thapú, déileáil le dúshláin agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na hollscoile trí struchtúr eagraíochta thar a bheith éifeachtach |
| Cleachtadh Machnamhach agus Feabhas Leanúnach | Cleachtas machnamhach a leabú chun cultúr d'fheabhsú leanúnach a fhorbairt ar fud na hollscoile |
| Rialachas agus Beartas | Rialú agus oibriú ar bhealach atá trédhearcach, a bhainistíonn riosca, a chinntíonn cuntasacht, a uasmhéadaíonn feidhmíocht agus ailíníonn sé le polasaí |
| Cumarsáid, Teicneolaíocht agus Digitiú | Cumarsáid a dhéanamh agus nascadh le páirtithe leasmhara trí chleachtais, próisis, teicneolaíochtaí agus modhanna digitithe a bhaineann tionchar amach |
| Forbairt agus Saoráidí Campais | Infheistiú inár mbonneagar agus é a fhorbairt chun ár n-uaillmhianta a éascú |
| Forbairt Inbhuanaithe | Tacú le forbairt inbhuanaithe agus comhtháthú SDG NA a leabú sna gníomhaíochtaí go léir chun tionchar dearfach a chruthú |

Bainfimid leas as na príomhchumasóirí sin chun ár dtosaíochtaí a bhaint amach agus chun ár straitéis a fhíorú. Cuirfidh ár gcumasóirí bonn eolais faoinár gcur chuige feabhsaithe a chuirfidh le héifeachtacht oibriúcháin, a fhorbróidh ár gcumas torthaí inmhianaithe a bhaint amach agus a threoróidh ár gcinntí infheistíochta straitéiseacha. Déanfar ár bhfeidhmíocht in aghaidh na gcumasóirí sin a rianú mar chuid den chreat cur chun feidhme níos leithne.



# Cuspóirí Straitéiseacha agus Torthaí Ionchasacha go dtí 2026

Tá ceithre bhunchuspóir le gach ceann de na Tosaíochtaí Straitéiseacha a chuimsítear sa straitéis seo. Úsáidfear baint amach na gcuspóirí sin, agus i ndáil leis sin cur i gcrích na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo chun dul chun cinn agus rath foriomlán ár bPlean Straitéisigh go 2026 a thomhas.



# Oideachas

Soláthróidh TUS tairiscint oideachais ardchaighdeáin ábhartha, a dhíreofar ar idirdhisciplíneacht, a sholáthrófar ar bhealaí traidisiúnta agus solúbtha araon chun freastal ar chohórt éagsúil mac léinn, ar fud suíomhanna campas iomadúil.

Aithnímid cumhacht an oideachais do chách maidir le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha agus le céimithe nuálacha a fhorbairt a dhéanfaidh difríocht inbhraite dár réigiún agus don domhan mór. Trínár gcur chuige foghlama gníomhaí, bealaí chun cinn agus bealaí malartacha chuig an oideachas, feabhsóimid an inrochtaineacht agus an dul chun cinn san oideachas ar fud ár réigiúin agus níos faide i gcéin, agus dúshlán á thabhairt dár bhfoghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach.

Ár gcuspóirí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir leis an Oideachas:

| Cuspóirí agus an Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Conairí rochtana níos fearr a sholáthar trí roghanna dul chun cinn, printíseachtaí, soláthar ar líne, foghlaim sholúbtha, bealaí idirnáisiúnta agus neamhthraidisiúnta chuig an oideachas |
| Cuspóir 2 | Feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim mac léinn-lárnaithe atá bunaithe ar thaighde agus lena gcuirtear ar chumas cohórt éagsúil foghlaimeoirí torthaí rathúla a bhaint amach |
| Cuspóir 3 | Leas a bhaint as an eolas agus as na scileanna atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun tionchar a sholáthar go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta |
| Cuspóir 4 | a chothú ar féidir leo difríocht inbhraite a dhéanamh sa tsochaí Forbairt céimithe |
| An Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | Cruthófar lenár n-oideachas taighde-bhunaithe céimithe a bheidh réidh le hoibriú agus réidh don saol mór, a imreoidh tionchar suntasach ar ár réigiún agus a spreagfaidh aistriú sochaíoch níos leithne. |

# Taighde

Soláthróidh TUS taighde feidhmeach a mbeidh tionchar, tríd an bpobal taighde a fhás, dul i mbun smaointeoireachta den chéad ghlúin eile agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus domhanda.

Mar mhol nuálaíochta, cothaímid smaointe agus cuirtear ar chumas dhaoine éirimiúla ár n-éiceachóras taighde déanamh go maith. Cuireann ár gcomhpháirtíochtaí ar ár gcumas ár n-eolas a roinnt leis an domhan, tionchar taighde a leathnú agus cultúr taighde a leabú. Díreofar ár straitéis ar ár rochtain a leathnú agus aistriú níos suntasaí a spreagadh ar fud ár réigiúin agus níos faide i gcéin.

Cuspóirí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir le Taighde:

| Cuspóirí agus an Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Rannpháirtíocht mhéadaithe i dtaighde a spreagadh a mbeidh méadú ar thaighdeoirí acadúla agus ar thaighdeoirí faoi oiliúna mar thoradh air. |
| Cuspóir 2 | Cultúr taighde institiúide iomlán a leabú lena neartaítear ailíniú idir taighde, teagasc agus foghlaim, agus feidhmeanna tacaíochta |
| Cuspóir 3 | Pobal nasctha de bhaill foirne, mic léinn agus páirtithe leasmhara a chruthú atá gníomhach ó thaobh taighde de, a mbeidh struchtúir lena gcothaítear cruthaitheacht agus lena spreagtar nuálaíocht mar bhonn faoi |
| Cuspóir 4 | Acmhainn a fhorbairt trí RUN-AE agus comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe idirnáisiúnta níos leithne chun díriú ar réimsí sonracha taighde lena dtacaítear le fostaíocht agus lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na sochaí |
| An Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | Lenár dtaighde feidhmeach cruthófar eolas nua agus soláthrófar réitigh a mbeidh tionchar acu agus lena dtabharfar aghaidh ar dhúshláin agus ar dheiseanna réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda |

# Daoine agus Eagraíocht

Oibreoidh TUS mar eagraíocht chomhtháite, inar féidir acmhainneacht gach duine a bhaint amach, agus ina gcuirtear comhdheiseanna ar fáil do gach duine.

Mar ár láidreacht is mó, tá ár ndaoine ag croílár ár bPlean Straitéiseach do 2023 – 2026. Is léiriú é a dtiomantas agus a ndúthracht dár n-ollscoil ar an méid is féidir a bhaint amach agus muid ag obair le chéile. Ní mór dúinn a bheith beo-intinneach maidir le freastal ar riachtanais ár bpobail atá ag fás, tacú lenár ndaonra éagsúil agus cur le heispéireas ár ndaoine in TUS.

Cuspóirí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir le Daoine agus Eagraíocht:

| Cuspóirí agus an Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Deiseanna agus tacaíochtaí a sholáthar lena gcothófar cumais, lena gcuirfear folláine chun cinn agus lena spreagfar fás, forbairt, oiliúint agus soghluaisteacht ár ndaoine |
| Cuspóir 2 | Feabhas a chur ar eispéireas ár ndéimeagrafaic mac léinn atá ag forbairt i ngach uile ghné de shaol na hollscoile agus oideachas thar an gcáilíocht acadúil a sholáthar |
| Cuspóir 3 | Ollscoil Teicneolaíochta chuimsitheach a chruthú a mbeidh daoine bródúil as a bheith mar chuid di agus ina mbeidh guth ag ár ndaonra éagsúil |
| Cuspóir 4 | Struchtúr a fheidhmíonn go maith a bhunú a thacóidh le baint amach rathúil ár gcuspóra, ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár dtorthaí inmhianaithe |
| An Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | Beidh cultúr comhtháite TUS againn a mbeidh croíluachanna ár n-ollscoile mar bhonn faoi agus a nglacfaidh gach duine leis |

# Pobail a Nascadh

Déanfaidh TUS caidreamh agus comhpháirtíochtaí a chruthú agus a fheabhsú chun forbairt inbhuanaithe ár réigiúin a spreagadh agus tionchar a imirt ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta.


Is iad ár luachanna 'Cuimsitheacah', 'Tacúla' agus 'Comhoibríocha' bunchloch ár bpobail ag TUS, agus cuideoidh siad linn naisc níos doimhne a chruthú lenár gcomhpháirtithe atá ann cheana agus lenár gcomhpháirtithe atá ag teacht chun cinn. Trínár réigiún nasctha, ár bpobal comhtháite campais, an alumni éagsúil agus ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta beimid ag tabhairt deiseanna níos mó agus ag seachadadh tionchar inbhuanaithe.

Cuspóirí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo maidir le Pobail a Nascadh:

| Cuspóirí agus an Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | |
|---|---|
| Cuspóir 1 | Fíor-mhuintearas a chruthú trí phobal campais níos comhtháite a nascann lasmuigh den timpeallacht fhisiciúil |
| Cuspóir 2 | Ár spásanna fisiceacha agus fíorúla a fhás agus a fheabhsú chun bealaí nua oibre, rannpháirtíochta agus comhchruthaithe a éascú |
| Cuspóir 3 | Díriú ar rannpháirtíocht agus cumarsáid lena bhfeabhsófar naisc, lena gcothófar pobail, agus lena n-ailíneofar gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha chasta |
| Cuspóir 4 | Tacú lenár gcomhpháirtithe agus iad a chumasú chun todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach agus athrú córasach a chothú |
| An Toradh lena Bhfuiltear ag Súil | Beidh ár bpobal TUS nasctha ina gceannairí smaointeoireachta a chruthóidh léargas, a ghlacfaidh deiseanna agus a chomhchruthóidh réitigh ar dhúshláin chasta |

# 5 Creat Cur Chun Feidhme agus Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn

Chun na tosaíochtaí straitéiseacha, na cuspóirí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo atá leagtha amach inár straitéis go dtí 2026 a bhaint amach, tá creat láidir cur chun feidhme forbartha againn lena n-éascófar monatóireacht agus tuairisciú rialta thar shaolré an phlean.





Forbraíodh ár straitéis le solúbthacht ionsuite. Agus an cur i bhfeidhm ag dul chun cinn, glacfaimid cur chuige beo-intinneach agus déanfaimid oiriúnú i gcás ina dtiocfaidh cúinsí inmheánacha nó seachtracha chun cinn lena n-éileofaí orainn ár ngníomhaíocht a athrú.

Beidh pleananna gníomhaíochta níos mionsonraithe le húinéirí agus le hamlínte mar thaca faoin gcreat sin. Le linn shaolré ár bplean, déanfar dul chun cinn a rianú, a bhainistiú agus déanfar monatóireacht air. Chun ár n-uaillmhian a bhaint amach, teastaíonn tiomantas, comhoibriú agus rannpháirtíocht na mball foirne uile ar fud na hollscoile chun gníomhaíochtaí sainithe a bhaint amach.

# Táscairí Ratha

Déanfar na cuspóirí leathana faoinár gceithre thosaíocht; Oideachas, Taighde, Daoine agus Eagraíocht, agus Pobail a Nascadh, a thomhas i gcoinne sraith meadarachtaí sainithe.

Ar an leibhéal straitéiseach, tá roinnt táscairí ardleibhéil sainaitheanta againn atá ailínithe lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, a dhéanfar a rianú agus a thuairisciú ina n-aghaidh lena léiriú ar baineadh amach an uaillmhian bheartaithe, agus chun ár gcion leis an straitéis náisiúnta a shainaithint.

## Tosaíocht Straitéiseach 1 - **Oideachas**

**Tosaíocht:** Soláthróidh TUS tairiscint oideachais ardchaighdeáin ábhartha, a dhíreofar ar idirdhisciplíneacht, a sholáthrófar ar bhealaí traidisiúnta agus solúbtha araon chun freastal ar chohórt éagsúil mac léinn, ar fud suíomhanna campas iomadúil.

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1:** Conairí rochtana níos fearr a sholáthar trí roghanna dul chun cinn, printíseachtaí, soláthar ar líne, foghlaim sholúbtha agus neamhthraidisiúnta chuig an oideachas | Méadú céatadáin (%) ar líon na mac léinn thar raon bealaí iontrála [CAO traidisiúnta, printíseacht, LLL etc.] **Sprioc = 12%** |
| **Cuspóir 2:** Feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim mac léinn-lárnaithe atá bunaithe ar thaighde agus lena gcuirtear ar chumas cohórt éagsúil foghlaimeoirí torthaí rathúla a bhaint amach | Méadú céatadáin (%) ar na mic léinn a théann chun cinn thar raon soláthair agus modhanna soláthar **Sprioc = Méadú foriomlán 3%** |
| **Cuspóir 3:** Leas a bhaint as an eolas agus as na scileanna atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun tionchar a sholáthar go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta | Céatadán (%) na gclár (Lánaimseartha Leibhéal 8) a bhfuil socrúchán oibre bainteach leo **Sprioc = 100%** |
| **Cuspóir 4:** Forbairt céimnithe a chothú ar féidir leo difríocht inbhraite a dhéanamh sa tsochaí | Céatadán (%) na gcéimithe i bhfostaíocht nó staidéar breise [ó Shuirbhé Torthaí Iarchéime UAE] **Sprioc = 92%** |

**Toradh a bhfuiltear ag súil leis:** Cruthófar lenár n-oideachas taighde-bhunaithe céimithe a bheidh réidh le hoibriú agus réidh don saol mór, a imreoidh tionchar suntasach ar ár réigiún agus a spreagfaidh aistriú sochaíoch níos leithne.

## Tosaíocht Straitéiseach 2 - **Taighde**

**Tosaíocht:** Soláthróidh TUS taighde feidhmeach a mbeidh tionchar, tríd an bpobal taighde a fhás, dul i mbun smaointeoireachta den chéad ghlúin eile agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus domhanda.

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1:** Rannpháirtíocht mhéadaithe i dtaighde a spreagadh a mbeidh méadú ar thaighdeoirí acadúla agus ar thaighdeoirí faoi oiliúna mar thoradh air. | Ioncam ó Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TFN) (€)<br>**Sprioc = 40% d'fhás** |
| **Cuspóir 2:** Cultúr taighde institiúide iomlán a leabú lena neartaítear ailíniú idir taighde, teagasc agus foghlaim, agus feidhmeanna tacaíochta | Níl na haschuir taighde teoranta do na haschuir thraidisiúnta<br>**Sprioc = Foilseacháin: Méadú foriomlán 100% Aschuir TFN eile: Méadú foriomlán 50%** |
| **Cuspóir 3:** Pobal nasctha de bhaill foirne, mic léinn agus páirtithe leasmhara a chruthú atá gníomhach ó thaobh taighde de, a mbeidh struchtúir lena gcothaítear cruthaitheacht agus lena spreagtar nuálaíocht mar bhonn faoi | Méadú céatadáin (%) den fhoireann a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí TFN<br>**Sprioc = Méadú foriomlán 50%** |
| **Cuspóir 4:** Acmhainn a fhorbairt trí RUN-AE agus comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe idirnáisiúnta níos leithne chun díriú ar réimsí sonracha taighde lena dtacaítear le fostaíocht agus lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na sochaí | Méadú céatadáin (%) ar ghníomhaíocht chomhpháirteach taighde<br>**Sprioc = Méadú foriomlán 50%** |

**Toradh a bhfuiltear ag súil leis:** Lenár dtaighde feidhmeach cruthófar eolas nua agus soláthrófar réitigh a mbeidh tionchar acu agus lena dtabharfar aghaidh ar dhúshláin agus ar dheiseanna réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda



## Tosaíocht Straitéiseach 3 - **Daoine agus Eagraíocht**

**Tosaíocht:** Oibreoidh TUS mar eagraíocht chomhtháite, inar féidir acmhainneacht gach duine a bhaint amach, agus ina gcuirtear comhdheiseanna ar fáil do gach duine.

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1:** Deiseanna agus tacaíochtaí a sholáthar lena gcothófar cumais, lena gcuirfear folláine chun cinn agus lena spreagfar fás, forbairt, oiliúint agus soghluaisteacht ár ndaoine | Méadú céatadáin (%) den fhoireann a fhreastail ar chláir chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe<br>**Sprioc = 25%** |
| **Cuspóir 2:** Feabhas a chur ar eispéireas ár ndéimeagrafaic mac léinn atá ag forbairt i ngach uile ghné de shaol na hollscoile agus oideachas thar an gcáilíocht acadúil a sholáthar | Céatadán (%) na mac léinn a mheasann go bhfuil an n-eispéireas foriomlán in TUS go maith / ar fheabhas<br>**Sprioc = 80%** |
| **Cuspóir 3:** Ollscoil Teicneolaíochta chuimsitheach a chruthú a mbeidh daoine bródúil as a bheith mar chuid di agus ina mbeidh guth ag ár ndaonra éagsúil | Infheistíocht i sásamh ár ndaoine éagsúla (ráta sástachta na mac léinn / na foirne) [chun cultúr TUS a chruthú a bhfuil ár luachanna ollscoile mar thaca faoi]<br>**Sprioc = ráta sástachta 85% maidir le cumas ár ndaoine a dtuairimí a thabhairt** |
| **Cuspóir 4:** Struchtúr a fheidhmíonn go maith a bhunú a thacóidh le baint amach rathúil ár gcuspóra, ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár dtorthaí inmhianaithe | Ailíniú a chinntiú idir struchtúr agus straitéis<br>**Sprioc: Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach** |

**Toradh a bhfuiltear ag súil leis:** Beidh cultúr comhtháite TUS againn a mbeidh croíluachanna ár n-ollscoile mar thaca faoi agus a nglacfaidh gach duine leis

| | |
|---|---|
| **Tosaíocht:** Déanfaidh TUS caidreamh agus comhpháirtíochtaí a chruthú agus a fheabhsú lena spreagfar forbairt inbhuanaithe ár réigiúin agus lena n-imreofar tionchar ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta | |
| **Cuspóir 1:** Fíor-mhuintearas a chruthú trí phobal campais níos comhtháite a nascann an fhoireann agus na mic léinn lasmuigh den timpeallacht fhisiciúil | Leibhéal nascachta i measc na foirne agus na mac léinn<br>**Sprioc = Rannpháirtíocht fheabhsaithe mar is léir ó thorthaí suirbhéanna débhliantúla** |
| **Cuspóir 2:** Ár spásanna fisiceacha agus fíorúla a fhás agus a fheabhsú chun bealaí nua oibre, rannpháirtíochta agus comhchruthaithe a éascú | Cistí a infheistíodh (€) i spásanna nua, spásanna athchóirithe agus spásanna ar baineadh athearraíochta astu, rud a thacaigh leis an bhfás réamh-mheasta ar líon na mac léinn agus d'éascaigh é*<br>**Sprioc = €120m**<br>*ní áirítear leis an bhfigiúr sin an costas a bhaineann le Cóiríocht Saintógtha inacmhainne do Mhic Léinn. |
| **Cuspóir 3:** Díriú ar rannpháirtíocht agus cumarsáid lena bhfeabhsófar naisc, lena gcothófar pobail, agus lena n-ailíneofar gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha chasta | Méadú céatadáin (%) ar chomhpháirtíochtaí táirgiúla le comhlachtaí seachtracha<br>**Sprioc = 20%** |
| **Cuspóir 4:** Tacú lenár gcomhpháirtithe agus iad a chumasú chun todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach agus athrú córasach a chothú | Feidhmíocht TUS ag baint úsáid as Scórchárta Ceannaireachta Inbhuanaitheachta (SLS)<br>**Sprioc le haghaidh 2025/2026: Scór iomlán 60% (Leibhéal Cré-umha)** |
| **Toradh a bhfuiltear ag súil leis:** Beidh ár bpobal TUS nasctha ina gceannairí smaointeoireachta a chruthóidh léargas, a ghlacfaidh deiseanna agus a chomhchruthóidh réitigh ar dhúshláin chasta | |



# 6 Aguisín

## Aguisín 1 – Liosta de na Giorrúcháin a Úsáidtear
Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas tríd an doiciméad straitéise.

| Acrainm | Ainm Iomlán |
|---|---|
| **POF** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **EHEA** | Limistéar Eorpach an Ardoideachais |
| **EZ-ID** | Limistéar Eorpach na Forbartha Idir-réigiúnaí |
| **GB** | Bord Rialaithe |
| **UAO** | An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| **HEI** | Institiúid Ardoideachais |
| **IoT** | Institiúid Teicneolaíochta |
| **MEND** | An Lár Tíre Thoir & Bhaile Átha Cliath Thuaidh |
| **RD&I** | Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht |
| **RTC** | Ceardcholáiste Réigiúnach |
| **RUN-EU** | Líonra na nOllscoileanna Réigiúnacha - Ollscoil Eorpach |
| **RUN-ERA** | Limistéar taighde agus nuálaíochta RUN-EU |
| **SDG** | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| **SLS** | Scórchárta Ceannaireachta Inbhuanaitheachta |
| **FBM** | Fiontar Beag agus Meánmhéide |
| **SU** | Aontas na Mac Léinn |
| **TU** | Ollscoil Teicneolaíochta |
| **TUS** | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: An Lár Tíre - Meániarthar |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **VP** | Leas-Uachtarán |



## Aguisín 2 – Comhaltaí Bhord Rialaithe TUS
Ba iad seo a leanas Comhaltaí Bhord Rialaithe TUS amhail Nollaig 2022:

**Josephine Feehily,** Cathaoirleach

**An tOllamh Vincent Cunnane,** Uachtarán

**Anne Meagher,** Ionadaí Foirne, TUS

**Brigid Delamere,** Ionadaí Foirne, TUS

**Catherine Collins,** Bainisteoir Líonra, First Polymer Training Skillnet

**Colette Ryan,** Stiúrthóir Sinsearach Commercial Supply Chain, Alkermes

**Dr Anne Cusack,** Comhbhunaitheoir Critical Healthcare Ltd.

**Dr Marguerite Doyle,** Stiúrthóir Bainistíochta Heraeus Metal Processing Ltd.

**George O'Callaghan,** Príomhfheidhmeannach, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

**James Hadnett,** Leas-Uachtarán SU TUS (an Meániarthar)

**Dr James Ring,** CEO, Ingenium Training and Consultancy

**John Doyle,** Ionadaí Foirne, TUS

**John Griffin,** Ericsson Ireland

**Kevin McLoughlin,** Ionadaí Foirne, TUS

**Martin Quinn,** Nuálaí Sóisialta

**Niall Naughton,** Uachtarán SU TUS

**Noel Gavin,** Leas-Uachtarán Sinsearach, Northern Trust

**An tOllamh Han Brezet,** Éicidhearthóireacht ag Ollscoil agus Bord Stiúrtha AAU Aalborg, RUN-EU (Líonra na nOllscoileanna Réigiúnacha – an tAontas Eorpach)

**Shahboz Babaev,** Ionadaí Iarcheimí SU TUS

**Tony Mahon,** Ionadaí Foirne, TUS

## Aguisín 3 – RUN-EU

Tugtar le chéile i gcomhghuaillíocht Líonra na nOllscoileanna Réigiúnacha-Ollscoil Eorpach (RUN-EU) anois naoi nInstitiúid Ardoideachais réigiúnacha (HEInna) atá ar aon intinn leo agus ina bhfuil níos mó ná 76,000 mac léinn, 8000 ball foirne, 53 dámh, 97 ionad agus grúpa taighde agus níos mó ná 30 comhpháirtithe comhlachaithe lena n-áirítear údaráis Réigiúnacha, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Is iad seo a leanas comhaltaí Líonra Réigiúnach na nOllscoileanna:

- Häme University of Applied Sciences, an Fhionlainn
- Howest University of Applied Sciences, an Bheilg
- NHL Stenden University of Applied Sciences, an Ísiltír
- Polytechnic of Cavado and Ave, an Phortaingéil
- Polytechnic of Leiria, an Phortaingéil
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: An Lár Tíre - Meániarthar, Éire
- University of Burgos, an Spáinn
- University of Győr Széchenyi István University, an Ungáir
- Vorarlberg University of Applied Sciences, an Astair
-


Tá TUS ina chomhordaitheoir ar chomhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha RUN-EU arna mhaoiniú faoi chlár Erasmus an Choimisiúin Eorpaigh agus ina chomhordaitheoir ar ghníomhaíocht tacaíochta taighde agus nuálaíochta Fís 2020 arna mhaoiniú faoin gclár Fís 2020.
Comhlíonfaidh RUN-EU croíchuspóirí an Limistéir Eorpaigh Taighde a sheachadadh trí *"shaorghluaiseacht taighdeoirí, eolas eolaíoch agus nuálaíocht a chothú, agus tionscal Eorpach níos iomaíche a spreagadh"* trí:

1. Acadaimh Idir-Ollscoile sa Todhchaí agus Ardscileanna agus Céimeanna Eorpacha Comhoibríocha-
2. Ionad Nuálaíochta Soghluaisteachta Eorpach Idir-Ollscoile
3. An Clár um Mhoil Nuálaíochta Idir-réigiúnacha Eorpacha agus Fionnachtana Nuálaíochta - lena gcothófar comhghníomhaíochtaí TF&N le páirtithe leasmhara tionscail agus réigiúnacha.
4. RUN-EU PLUS ag tacú le cur chun feidhme comhchláir Máistreachta agus PhD taighde agus nuálaíochta agus plean gníomhaíochta a dhírítear ar ár ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a neartú ar fud chomhghuaillíocht RUN-AE.



Tá RUN-EU tiomanta do bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe comhlachaithe chun deiseanna comhoibríocha a sholáthar chun acmhainneacht na mBallstát a ardú i gcomhthéacs iomaíochais, spreagadh eolais agus nuálaíochta nua in FBManna agus feabhas iomlán ar cháilíocht saoil an daonra. Bunóidh an EZ-ID struchtúir chomhoibríocha comhchosúla freisin i nGnó agus i bhFiontraíocht, i mBeartas Rialtais, sa tSochaí agus sa Chultúr chun an deis agus an acmhainneacht chomhchoiteann atá ar fáil do dhaonra comhcheangailte na réigiún rannpháirteach a spreagadh, comhluachanna Eorpacha agus spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a chur chun cinn.

### Forléargas ar Líonra RUN-EU




- Ainmniú Ollscoile Eorpaí
- Comhchéimeanna
- Comhthaighde
- Micridhintiúir / Ardchláir Ghearra
- Soghluaisteacht

REGIONAL UNIVERSITY NETWORK
EUROPEAN UNIVERSITY

Nascadh
& Cruthú